FÉILE IDIRNÁISIÚNTA PAN CHEILTEACH
AN COMÓRTAS AMHRÁN PAN CHEILTEACH
Comórtas Náisiúnta chun amhrán na hÉireann a roghnú

1 .1 Amhrán nua i dteanga cheilteach atá á lorg.

.2 I nGaeilge a bheidh amhrán na hÉireann.

.3 Is gá an **ceol agus na focail a bheith nua-chumtha**.

.4 Measfar an t-amhrán ar fheabhas na bhfocal, an cheoil agus an chur i láthair.

2 1 Roghnóidh gach tír amhrán amháin le dul san iomaíocht. An Coiste Náisiúnta i ngach tír a roghnóidh an t-amhrán trí chomórtas náisiúnta chuige sin.

.2 Ní mór don bhuaiteoir náisiúnta a (h)amhrán a chanadh beo ag an Fhéile Idirnáisiúnta Pan Ceilteach nó socrú a dhéanamh go gcanfar beo ansin é.

.3 Ní cheadaítear ceol taifeadta ná a leithéid sa taibhiú poiblí.

.4 Baineann míreanna 2.2 agus 2.3 thuas freisin le gach comórtas náisiúnta a reáchtálfar chun rannpháirtithe a roghnú don Fhéile Idirnáisiúnta Pan Cheilteach.

3 .1 Ní mór an t-amhrán a chur isteach ar CD. Ba chóir caighdeán an taifead a bheith oiriúnach le craoladh ar an raidió.

.2 Ní mór freisin na focail agus an ceol a scríobh amach go soiléir ar leathanach eile. Moltar go mbeadh na focail cló-scríofa ach is gá dóibh, ar a laghad, a bheith scríofa go néata, soiléir.

.3 Úsáid an fhoirm iontrála agus seol chuig: An Comórtas Amhrán Pan Cheilteach, C/O Glór Cheatharlach, Sráid an Choláiste, Ceatharlach.

4. .1 Íocfar duais airgid €1,000 leis an amhrán a roghnófar mar amhrán na hÉireann ar an gcoinníoll go gcuirfidh an buaiteoir an t-amhrán isteach ar an gComórtas Idirnáisiúnta ag an Fhéile Idirnáisiúnta Pan Cheilteach, i slí a bheidh sásúil don Choiste.

.2 Is é an buaiteoir náisiúnta atá freagrach as a c(h)ostais féin ag an Fhéile Pan Cheilteach. Ní íocfaidh Coiste na Féile aon chostais leis/léi.

.3 Éistfidh painéal moltóirí leis na hamhráin uile agus déanfaidh siad na moltaí cuí a chur ar fáil do Choiste na hÉireann, Pan Cheilteach.

.4 Níl sárú ar bhreith na moltóirí agus Choiste na hÉireann, Pan Cheilteach.

Nóta: Roghnófar gearrliosta d'amhráin as na hiarratais seolta isteach. Canfar na hamhráin ag an Comórtas Amhrán Náisiúnta a reachtálfar ins an Ostán Seven Oaks, Ceatharlach ar an Déardaoin, 8ú Márta 2012. Beidh an pearsa teilifíse Daithí Ó Sé mar láithreoir don ocáid le Ollie Hennessey ina stiurthóir ceoil. Is IMRO príomh urrthóir an chomórrtais I gcomhar le GAEL LINN.